

Tionscnamh Náisiúnta Sonraí Oscailte

Ráiteas beartais ar nascadh leis an Tairseach Náisiúnta Sonraí Oscailte agus úsáid Tairseach Réigiúnach/Logánta.

Cruthaíodh an Tairseach Náisiúnta Sonraí Oscailte ag data.gov.ie mar chuid de chur chuige cónasctha chun foilsiú sonraí oscailte a éascú ar leibhéal éagsúla rialtais agus san earnáil phoiblí. Éascaíonn an Tairseach Náisiúnta nascadh tacar sonraí ó chomhlacht poiblí go dtí an tairseach lárnach. Ní óstálann sí tacair sonraí. Glacadh le cur chuige cónasctha mar tá an líon tacar sonraí agus úinéirí tacar sonraí mór agus go dtrasnaíonn sé leibhéal éagsúla rialtais agus comhlachtaí poiblí, rud a fhágann go bhfuil sé deacair réiteach lárnach a chur i bhfeidhm mar a n-aontaíonn gach úinéir a sonraí i gcóras amháin. Sheachain an cur chuige cónasctha freisin an gá le hathruithe ar phróisis inmheánacha na gcomhlachtaí éagsúla a tháirgeann na tacair sonraí.

Buntáistí uirlisí Cónasctha

- Tá tacair sonraí inrochtana trí acmhainn náisiúnta lárnach – data.gov.ie
- Cumasaíonn uirlisí cónasctha/dáilte do bhailiú sonraí oscailte foilsiú meiteashonraí do gach tacar sonraí, rud a cheadaíonn innéacs náisiúnta iomlán d'fhaisnéis phoiblí in-athúsáidte a chruthú.
- Ní chaithfidh úsáideoirí a bheith eolach ar láithreán gréasáin an aonáin phoiblí a bhfuil na sonraí ina sheilbh agus é a aimsiú, ach is féidir leo an tairseach náisiúnta a rochtain chun teacht ar na sonraí atá uathu agus sonraí an tsuímh gréasáin/stóir fhoinsigh más gá.
- Sa chás go bhfuil tacair sonraí nasctha go dinimiciúil (e.g. trí APIanna nó buainteoirí) léirítear aon nuashonruithe ar na sonraí foinseacha sa Tairseach náisiúnta.

Nascadh leis an Tairseach Náisiúnta

Tá roinnt bealaí ann a bhféadfaidh comhlacht poiblí a dtacair sonraí a nascadh leis an tairseach náisiúnta.

- Nasc a chruthú de láimh ar an Tairseach lárnach siar go dtí na sonraí a choinnítear ar a suíomh gréasáin féin nó stór féin tríd an bpróiseas seo a leanas a leanúint chun foilsiú ar an Tairseach.
- Nasc trí mheán clár ríomhaireachta go dtí an tairseach trí API (Comhéadan Feidhmeanna in-ríomhchláráithe)
- Is féidir leis an Tairseach sonraí a bhuaire ó chomhlacht poiblí má chruthaítear buainteoir don chomhlacht poiblí sin

Braitheann an rogha roghnaithe ar an gcineál agus ar an méid sonraí atá i seilbh comhlachta poiblí chomh maith le minicíocht a nuashonraithe agus is féidir í a phlé ar bhonn cás ar chás. Mar shampla, má tá méid mór sonraí i seilbh comhlachta poiblí nó má dhéantar na sonraí seo a nuashonrú go minic moltar cur chuige uathobrithe amhail APIanna nó buainteoirí.

Maidir le stóráil sonraí logánta is ábhar é seo don chomhlacht poiblí machnamh a dhéanamh air i gcomhthéacs forbairtí maidir le bainistiú sonraí san earnáil phoiblí go ginearálta. Féadfaidh comhlacht poiblí a roghnú sonraí a óstáil ar a shuíomh gréasáin féin nó i stór eile. Cibé rogha a roghnófar ba cheart go gcloífidh aon sonraí mar sin leis an [gCreat Teicniúil](#).

Ní riachtanas do chomhlacht poiblí é a thairseach Sonraí Oscailte féin a fhorbairt ach is ábhar do chomhlachtaí poiblí le breithniú agus le cinneadh an mian leo ceann a bheith acu. Ní mór na sonraí a fhoilsiú áit éigin sular féidir le data.gov.ie nascadh chucu agus nuair a chuirtear méid na sonraí atá i

seilbh roinnt gníomhaireachtaí san áireamh, féadfaidh tairseach logánta a bheith ina cur chuige réasúnta. Mar shampla, tá a tairseacha Sonraí Oscailte féin ag an FSS agus roinnt Údarás Áitiúil, a dhéanann an Tairseach náisiúnta a bhuaire. Ní chuireann an [Straitéis Náisiúnta Sonraí Oscailte 2017-2022](#) bac ar chomhlacht poiblí a Thairseach féin a fhorbairt. Mar sin féin, tá pleananna straitéiseacha rialtais ann an méid suíomhanna gréasáin roinne agus Stáit a shimpliú agus a chuíchóiriú chun eispéireas úsáideora níos fearr a chruthú. Mar sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil suíomhanna/tairseacha Sonraí Oscailte ag teacht ar a laghad leis an treoir straitéiseach seo. Ba cheart go mbeadh aon tairseach Sonraí Oscailte den earnáil phoiblí, a cruthaíodh go háitiúil nasctha leis an Tairseach náisiúnta.

Moltaí

De bhrí gur ó fhearainn éagsúla úsáideoirí deiridh sonraí oscailte, tá gá le comhthuiscint agus comhchaighdeán aschuir.

Úsáideann an Tairseach Náisiúnta Sonraí Oscailte an scéimre meiteashonraí DCAT-AP chun meiteashonraí caighdeánaithe a chinntiú. Ba cheart d'Fhoilsitheoirí Sonraí a chinntiú go bhfuil tacair sonraí nua comhlíontach le DCAT (tarlóidh seo go huathoibríoch nuair atáthar ag cruthú nasc chuig an Tairseach náisiúnta). Moltar freisin críochphointe DCAT oiriúnach a bheith curtha san áireamh.

Ba cheart d'Fhoilsitheoirí Sonraí a chinntiú go bhfuil a dtacair sonraí comhlíontach leis an gCreat Teicniúil a shonraíonn caighdeán le leanúint maidir le meiteashonraí, ceadúnas, formáid, caighdeán agus URInna (Aitheantóirí Aonfhoirmeacha Acmhainne). Ba cheart d'uirlisí cláir amhail APIInna agus buainteoirí a bheith comhlíontach agus ba cheart an doiciméadacht chuí rochtana a bheith san áireamh i gcónaí in API nuair atá sé nasctha leis an Tairseach.

Fanann cúrsaí cosanta sonraí leis an soláthróir sonraí. Ní hionann foilsiú ar an Tairseach Sonraí Oscailte agus aistriú ceart ná freagracht sonraí go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá Creat oiliúint i Sonraí Oscailte do chomhlachtaí poiblí ar fáil agus moltar do chomhlachtaí poiblí leas a bhaint as. Áirítear leis an oiliúint modúil ar an gCreat Teicniúil agus ar an gcleachtas is fearr go ginearálta.

Tá Creat le haghaidh tacaíocht theicniúil maidir le Sonraí Oscailte ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn cabhair uathu maidir le hiniúchadh sonraí, glanadh agus ullmhú sonraí, anaithnidiú agus sonraí nasctha agus léirshamhlú sonraí. Tá cruthú tairseach logánta aonair lasmuigh de raon feidhme an Chreata seo. Má tá comhlacht poiblí ag iarraidh seo a bheith déanta féadfaidh siad a bpróiseas tairisceana féin a dhéanamh.

Má chruthaítear Tairseach logánta ní mór ansin seo a bheith nasctha leis an Tairseach náisiúnta Sonraí Oscailte trí mheáin uathoibríthe. Pléifear na meáin is fearr chun an nasc a chruthú idir an soláthróir sonraí agus an tAonad Sonraí Oscailte le tacaíocht/comhairle theicniúil.

An Bord um Rialachas Sonraí Oscailte

Samhain 2017